

BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

# Tuarascáil Bhliantúil
2007

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Tuairiscithe 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2007

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismi Muiri (BITM) ar an 25 lá de Márta 2003 faoin Acht Loingis Cheannaiochta (Imscrúdú Taismi Muiri) 2000.

Nil ach ag Bord Imscrúdú Taismi Muiri amháin áta i d'teideal ar an gcóipcheart de réir Alt 35(5) d'Acht Loingis Cheannaiochta (Imscrúdú Taismi Muiri) 2000.

Nil cead ag éinne aon chuid den fhoilseacháin seo a atáirgeath, a chur I gcomhad athfhála, nó a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leichtreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil ar thaifeadadh nó eile gan cead a fháil roihm ré ón bhfoilsitheoir.

is féidir le lucht oideachais úsáid a bhaint den tuairisc seo le haghaidh aidhmeanna oideachais.

Foilseachán an Bord Imscrúdú Taismi Muiri © 2008

# Clár

## Rannán 1


| | | |
|---|---|---|
| 1. | Ráiteas an Chathaoirligh | 3 |
| 2. | Comhaltaí an Bhoird agus Eolas Ginearálta | 5 |
| 3. | Réamhrá | 7 |
| 4. | Achoimre ar theagmhais a tharla idir 1 Eanáir agus 31 Nollaig 2007 | 8 |
| 5. | Achoimre ar thuarascálacha a foilsíodh le linn 1 Eanáir agus 31 Nollaig 2007 | 11 |
| 6. | Sampla de chásanna a foilsíodh le linn na bliana1 Eanáir agus 31 Nollaig 2007 | 13 |
| 7. | Comparáidí de thaismigh mhuirí a tharla le linn 2002, 2003, 2004, 2005, 2006 agus 2007 | 14 |
| 8. | Comparáid idir tuarascálacha MCIB a foilsíodh do na blianta 2002, 2003, 2004, 2005, 2006 agus 2007 | 12 |


## Rannán 2


Ráitis Airgeadais don tréimhse 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2007 13

# Ráiteas an Chathaoirligh



**John G. O'Donnell, B.L.**
Chairman

A Aire Uasail,

Is cúis mhór áthais dom an 5ú Thuarascáil Bhliantúil don Bhord Imscrúdú Taismí Muirí (MCIB) a chur ar fáil.

Sa bhliain 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2007, bhí baint ag fiche árthach le teagmhais inar cailleadh seacht nduine dhéag go tubaisteach agus inar gortaíodh go dona beirt eile.

Tá comparáid idir an bhliain seo, 2007, agus na blianta 2002 - 2006 leagtha amach ar leathanach 12 den tuarascáil seo agus is féidir achoimre a dhéanamh ar an gcomparáid mar seo a leanas:

| | 2002 | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Teagmhais Imscrúdaíodh | 8 | 17 | 15 | 11 | 11 | 16 |
| Básanna | 7 | 12 | 14 | 8 | 10 | 17 |
| Gortuithe | 2 | 2 | 2 | 0 | 1 | 2 |
| Árthaí i gceist | 9 | 18 | 17 | 11 | 12 | 20* |

*Ní chuimsíonn an figiúr seo an eachtra a tharla i mbliana ag Geallta Bád Dhún Laoghaire lenar bhain báid bheaga lena n-áirítear báidíní agus easnacha.

Bhain formhór na dteagmhas i gcaitheamh 2007 le hárthaí iascaireachta nó caitheamh aimsire. Sa ráiteas uaim i dTuarascáil Bhliantúil 2006, rinne mé tagairt don líon ard básanna in earnáil na hiascaireachta, go háirithe i gcás bád 15-24 méadar ar fhad.

I gcaitheamh na bliana 2007, baineadh teagmhas d'ocht n-árthach iascaireachta agus fuair dáréag bás. Is léir gur gá níos mó béime a chur ar shábháilteacht na n-árthaí sa chabhlach iascaigh chun réiteach a fháil ar fhadbh an ardlín teagmhas agus, go háirithe, an ardlín bhásanna san earnáil seo.

Forfheidhmíodh na Rialacháin maidir le Sábháilteacht Árthaí Iascaireachta, I.R. Uimh. 640 de 2007 an 17 Meán Fómhair 2007. Soláthraíonn siad sin do Chóras Sábháilteachta d'árthaí iascaireachta sa chatagóir 15-24 méadar ar fhad. Is maith an rud é go bhfuil siad sin á chur leis an reachtaíocht agus pléann siad go sonrach le hárthaí iascaireachta a mbíonn baint acu go minic le hImscrúduithe Taismí Muirí. Táthar ag súil leis gurb é an toradh a bheidh ar achtú na Rialachán sin ná feabhas ar fheasacht ar na fadhbanna san earnáil seo agus forfheidhmiú níos fearr ar an dlí a bhaineann leo sin.

Ábhar imní eile don MCIB ná go bhfuil líon na dteagmhas lena mbaineann árthaí cumhachta tapa ag dul in airde, lena n-áirítear feithiclí scairdsciála. Ba chóir go mbeadh daoine a úsáideann na hárthaí seo oilte i gceart agus inniúil ar a n-úsáid agus aird chuí a thabhairt ar dhaoine eile agus iad á n-úsáid.

Tugaim faoi deara ó Ráiteas Straitéise na Roinne Iompair 2008-2010 gur príomhchuspóir é "forbairt, rialáil agus forfheidhmiú leantach ardchaighdeáin sábháilteachta. Cuimsíonn sé sin rialáil na n-árthaí a úsáidtear, oideachas a chur ar na daoine a oibríonn iad, agus gníomhartha lena chinntiú go mbíonn freagairt Chuardaigh agus Tarrthála ar fáil nuair a tharlaíonn teagmhas. Is ar thimpistí a chosc atá ár mbéim agus ní ar fhrithghníomh".

Is cuspóir le moladh é sin. Tá muinín againn go leanfaidh gach Gníomhaireacht a bhfuil baint acu leis an réimse seo dá gcuid a dhéanamh agus, thar ceann MCIB, is mian liom a ghealladh duit, a Aire, go leanfaimid dár gcuid oibre a dhéanamh ar an gcaighdeán is fearr.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do Comhaltaí uile an Bhoird as a gcuid dianoibre i gcaitheamh na bliana seo a chuaigh thart. Bhí na comhaltaí sásta a gcuid ama a chaitheamh go díograiseach chun a gcuid oibre a dhéanamh go dtí seo, agus ba chóir iad a mholadh air seo. Ba mhaith liom béim a leagadh ar an sárobair a rinne ár n-imscrúdaitheoirí a bhí freagrach as na himscrúduithe uile a dhéanamh agus is mian liom buíochas an Bhoird a chur in iúl maidir leis an mbealach ina dtéann siad i mbun a gcuid oibre. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil frieisin leis an Rúnaíocht as an obair agus an tiomantas a sholáthair siad. Ní bheimis in ann ár gcuid oibre a dhéanamh gan an sárobair a rinne an Rúnaíocht.




JOHN G. O'DONNELL, B.L.
CATHAOIRLEACH,

# Comhaltaí an Bhoird agus Eolas Ginerálta



Cathaoirleach:
**An tUas. John G. O'Donnell, B.L.**



Leaschathaoirleach:
**An tUas. Thomas R. Power**



Comhaltaí an Bhoird:
**An tUas. Sinéad Brett, B.C.L., LL.M**



Comhaltaí an Bhoird:
**An tUas. Brian Hogan, Príomhshuirbhéir**



Comhaltaí an Bhoird:
**An tUas. Martin Diskin**

| | |
|---|---|
| Rúnaí: | An tUas. Bridie Cullinane |
| Rúnaíocht: | An tUas. Helena Murphy |
| Oifig Chláraithe: | Lána Chill Mochargán, Baile Átha Cliath 2. |
| Guthán: | 01 - 6782460/61 |
| Facs: | 01 - 6783129 |
| R-phost: | info@mcib.ie |
| Suíomh Gréasáin: | www.mcib.ie |

| | |
|---|---|
| Iniúchóirí: | An tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste<br>Foirgneamh an Státchiste<br>Caisleán Bhaile Átha Cliath<br>Baile Átha Cliath 2. |

Seo a leanas roinnt eolais ghinearálta maidir leis an mBord Imscrúdú Taismí Muirí (MCIB).

## Bunú an Bhoird

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí (MCIB) faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

## Feidhm an Bhoird

Tá sé mar fheidhm ag an MCIB imscrúduithe a dhéanamh ar Thaismí Muirí, mar a shainítear in Alt 2 den Acht.

**Is éard is brí le Taisme Muirí ná imeacht nó próiseas is cúis le nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le:**

(a) bás duine nó gortú trom;

(b) duine a chailliúint thar bord;

(c) árthach nó maoin a chailliúint nó a shuí, damáiste a dhéanamh dóibh nó bualadh futhu;

(d) nó mórdhamáiste don chomhshaol,

**a bhaineann le feidhmiú na n-árthaí seo a leanas:**

(i) árthach in uiscí Éireannacha;

(ii) árthach cláraithe in Éirinn, gan spleáchas do na huiscí ina bhfuil sé; nó

(iii) árthach a bhíonn in uiscí Éireannacha nó feistithe iontu atá faoi rialú ag cónaitheoir an Stáit, in uiscí idirnáisiúnta atá gar d'uiscí Éireannacha.

**Tá sé mar chuspóir ag gach imscrúdú:**

1. Cúis nó cúiseanna a bhunú do thaismeach muirí.
2. Tuairisc a thabhairt ar an dtaismeach muirí d'fhonn moltaí a dhéanamh chun taismí muirí dá shamhail a sheachaint.

***Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara NACH ndéantar imscrúdú chun an locht a fhágáil ar dhuine nó chun duine a fháil ciontach. Ní dhéanann an Bord daoine a ionchúiseamh. Tá comhlachtaí reachtúla, An Garda Siochana, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta srl., freagrach as aon ionchúiseamh a bhaineann le taismeach.***

## Stádas

Is comhlacht neamhspleách é an MCIB a fhaigheann maoiniú ón Oireachtas faoi Alt 19 den Acht.

Seoltar cóip den tuarascáil deiridh do gach imscrúdú don Aire chun breithniú a dhéanamh ar na moltaí inti. Cuirtear an tuarascáil deiridh ar fáil saor in aisce don phobal (ar iarratas) nó is féidir í a rochtain ar shuíomh gréasáin an MCIB ag www.mcib.ie

# Imscrúdaithe agus Tuarascálacha 2007

MCIB

Marine Casualty Investigation Board

*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Tuairiscithe 1ú Eanair go 31ú Nollaig 2007

# Réamhrá

Ó tháinig an Bord le chéile don chéad uair in 2002 imscrúdaíodh agus foilsíodh naoi gcás is nócha. Áirítear ar an bhfigiúr sin cás is fiche ar ghlac an Bord a gcúram ón Roinn. Taispeánann na staitisticí seo a leanas na cineálacha árthaí difriúla a bhí i gceist agus cad ba chúis le gach teagmhas agus tabharfaidh siad léargas de chineál éigin don léitheoir i leith réim feidhme agus obair an Bhoird agus a Imscrúdaitheoirí.

Le linn na tréimhse dhá mhí dhéag ón 1ú Eanáir go dtí an 31ú Nollaig 2007, foilsíodh cúig thuarascáil. Cuireadh tús leis an obair ar sé cinn déag de thaismí muirí nua a imscrúdú (lena n-áirítear an teagmhas ag Geallta Bád Dhún Laoghaire lenar bhain 115 bád beag lena n-áirítear báid bheaga agus easnacha, a tharla i mí Iúil 2007). Ina theannta sin tugadh faoi chúig réamh-imscrúdú.

Rinne an Bord Imscrúdú Taismí Muirí tuairim is dhá chéad fiosrúchán riaracháin i gcaitheamh na bliana.

# Achoimre ar Theagmhais a Tharla Idir 2007

1u Eanair agus 31u Nollaig 2007

| AINM | DÁTA FOILSEACHAIN | CINEÁL ÁRTHAIGH | CINEÁL TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ/ BÁS | CÚIS AN TEAGMHAIS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Père Charles** (MCIB/134) | - | Árthach Iascaireacht (15 – 24 méadar) | Chuaigh an tÁrthach go Tóin Poill | An 10.01.2007 chuaigh bád iascaireachta go tóinn poill agus cúigear ar bord, dhá mhíle siar ó dheas ó Rinn Duáin. Bádh an cúigear. | 5 Bhás | Faoi Imscrúdú |
| **Honeydew 11** (MCIB/135) | - | Árthach Iascaireacht (15 – 24 méadar) | Chuaigh an tÁrthach go Tóin Poill | An 11.01.07 chuaigh bád iascaireachta go tóinn poill agus ceathrar ar bord, amach ó Mhionn Ard, Co. Phort Láirge. Tarrtháladh beirt agus bádh beirt. | 2 Bhás | Faoi Imscrúdú |
| **Discovery** (MCIB/137) | - | Árthach Iascaireacht (>24 méadar) | Chuaigh an tÁrthach go Tóin Poill | An 29.01.2007, chuaigh bád iascaireachta go tóin poill amach ó chósta Iarthar Chorcaí. Tarrtháladh seachtar iascairí le tancaer agus tugadh i héileacaptar iad go dtí bunáit an RAF i gCorn na Breataine i Sasana. | Dada | Faoi Imscrúdú |
| **Taisme i Loch Léinn** (MCIB/138) | 07.12.2007 | Árthaí Caitheamh Aimsire Bád Oscailte | Iompú béal faoi | An 27.01.2007, bhí triúr i mbun lámhach lachan ar Loch Léinn i mbád oscailte. D'iompaigh an bád béal faoi. Tháinig beirt slán agus bádh duine amháin. | 1 Bhás | Níor caitheadh seaicéid tarrthála. |
| **M/V Locator** (MCIB/139) | - | Lastlong Ghinearálta | Suí | An 03.03.2007, suíodh long amach ó chósta Charna, Co. na Gaillimhe. | Dada | Faoi Imscrúdú |
| **Teagmhas Feithicle Scairdsciála i Loch Measca** (MCIB/141) | - | Árthaí Caitheamh Aimsire Feithicil scairdsciála | Fear thar bord | An 09.05.2007, chuaigh beirt ag scairdsciáil ar Loch Measca. Cliseadh ar na feithiclí scairdsciála agus rinne an bheirt fhear iarracht snámh go dtí an cladach. Shroich duine amháin an cladach chun cabhair a lorg. Bádh duine amháin. | 1 Bhás | Faoi Imscrúdú |
| **Camlin Star** (MCIB/142) | - | Árthaí Caitheamh Aimsire Mótarbhád | Imbhualadh | An 09.04.2007, bhuail cúrsóir pléisiúir a bhí ar iasacht ag buíon daoine faoin Iamairne Pleasure Craft ag Beannchar. Thit duine amháin thar bord amach agus tugadh go dtí an t-ospidéal é de bharr gortuithe droma. | Gortú amháin | Faoi Imscrúdú |
| **Atlantic West** (MCIB/144) | - | Árthach Iascaireacht (<15 mhéadar) | Fear thar bord | An 02.07.2007, chuaigh iascaire as an tSlóvaic i bhfostú i dtéada. Thit sé thar bord agus bádh é 36 míle ó thuaidh ó Stácaí Mhaigh Eo. | 1 Bhás | Faoi Imscrúdú |

| AINM | DÁTA FOILSEACHAIN | CINEÁL ÁRTHAIGH | CINEÁL TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ/ BÁS | CÚIS AN TEAGMHAIS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Geallta Bád Dhún Laoghaire** (MCIB/145) | - | Árthaí Caitheamh Aimsire Báid Oscailte | D'iompaigh mórtas farraige roinnt bád | An 05.07.2007, bhí céad is cúig bhád déag, lena n-áirítear báid bheaga agus easnacha, ag glacadh páirte in dhá rás ag Geallta Bád bliantúla Naomh Seoirse Ríoga. D'iompaigh mórtas farraige báite roinnt bád. | Dada | Faoi Imscrúdú |
| **MFV Girl Geraldine** (MCIB/146) | - | Árthach Iascaireacht (15 – 24 méadar) | Fear thar bord | An 04.08.2007, gabhadh iascaire as an Liotuáin in eangach a bhí á socrú. Caitheadh thar bord é. Tugadh an corp go dtí Dún Mór, Co. Phort Láirge. | 1 Bhás | Faoi Imscrúdú |
| **Róró Cláraithe sa Ríocht Aontaithe Dublin Viking** (MCIB/147) | | Long Phaisinéirí Róró Idirnáisiúnta | Timpiste ar bord | An 07.08.2007, agus an t-árthach ar tí Port Bhaile Átha Cliath a fhágáil, scaoileadh saor téad róid agus bhuail sí an Leas-Oifigeach. Gortaíodh go dona é agus fuair sé bás ní ba dhéanaí. Chuir oibreoir cladaigh gualainn agus uillinn as alt. | 1 Bhás Gortú amháin | Faoi Imscrúdú ag MAIB i gcomhar le MCIB |
| **MFV Gismonde** (MCIB/148) | - | Árthach Iascaireacht (<15 mhéadar) | Dóiteán ar bord | An 25.08.2007, chuaigh trálaer a bhí bunaithe i gCorcaigh trí thine daichead míle amach as cósta na Breataine Bige. D'fhág ceathrar den chriú an t-árthach agus tugadh ar bord árthach iascaireachta eile iad ina dhiaidh sin. | Dada | Faoi Imscrúdú |
| **MFV Alma Amy** (MCIB/150) | - | Árthach Iascaireacht (15 – 24 méadar) | Fear thar bord | An 17.10.2007, thit duine a bhí ag iascaireacht thar bord ón trálaer i ngar do 'The Smalls' amach ó chósta Loch Garman. | 1 Bhás | Faoi Imscrúdú |
| **MFV Cassie** (MCIB/153) | - | Árthach Iascaireacht (<15 mhéadar) | Iompú béal faoi | An 03.12.2007, bhí athair agus mac ag iascaireacht.Thit cóch trom anuas ar Bhá Inbhir agus d'iompaigh a mbád béal fúithi. Tarrtháladh iad le héileacaptar ach fuair siad bás ina dhiadh sin de hipiteirme. | 2 Bhás | Faoi Imscrúdú |
| **M/V Arklow Willow** (MCIB/154) | - | Lastlong Ghinearálta | Fear thar bord | An 01.12.2007, chuaigh dalta deice ar iarraidh fad is a bhí an t-árthach ag Duga Swansea sa Bhreatain Bheag. Thángthas ar a chorp ina dhiaidh sin i nDuga Swansea | 1 Bhás | Faoi Imscrúdú |
| **Teagmhas ar Abhan nGeadach** (MCIB/155) | - | Árthaí Caitheamh Aimsire Canú (Cadhc) | Bean thar bord | An 28.12.2007, bhí deacrachtaí ag duine a bhí ag cadhcáil ar an nGeadach, i ngar do Lios an Phúca, Co. Chiarraí. D'iompaigh an canú béal faoi agus greamaíodh é faoi chraobh crainn a thit isteach san uisce. Cailleadh an duine san ospidéal ina dhiadh sin. | 1 Bhás | Faoi Imscrúdú |

# Achaimre ar Thuarascalacha a Foilsiodh le linn 2007

1u Eanair agus 31u Nollaig 2007

| AINM | DÁTA FOILSEACHAIN | CINEÁL ÁRTHAIGH | CINEÁL TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ/ BÁS | CÚIS AN TEAGMHAIS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **MFV Paula** (MCIB/105) | 26.03.2007 | Árthach Iascaireachta (> 24 méadar) | Chuaigh an tÁrthach go Tóin Poill | An 24.01.2005, shroich an t-árthach Calafort Selje san Iorua, agus criú aon duine dhéag ar bord, le haghaidh gnáthchothabhála agus chun a gabháil a scaoileadh. Tháinig uisce farraige isteach sa seomra innill, rud a d'fhág gur thosaigh an bád ag dul go tóin poill feadh na cé. | Dada | Níor leor toilleadh iomlán na gcaidéal ruma agus ballasta uile le dul i ngleic le teacht isteach an uisce. |
| **Rising Sun** (MCIB/118) | 28.05.2007 | Árthach Iascaireachta (< 15 mhéadar) | Bá | An 29.11.2005, bhí triúr criú ar bord an árthaigh iascaireachta agus iad ag iascaireacht amach ó na Sailtí, Co. Loch Garman. D'iompaigh an t-árthach béal fúithi agus thit go tóin poill. Fuair duine amháin den chriú bás, tháinig duine eile slán agus níor thángthas ar chorp an scipéara. | 2 Bhás | Ró-ualú an árthaigh agus droch-chobhsaíocht |
| **Lady Helen** (MCIB/119) | 06.04.2007 | Árthaí Caitheamh Aimsire Báid Seoil | Fear thar bord | An 21.10.2005, d'fhág an luamh Lady Helen An Bun Beag, Co. Dhún na nGall agus duine amháin ar bord. Bhí an fharraige garbh agus bhí mórtas farraige an-trom ann. Thángthas ar chorp an duine an 22.10.2005. | 1 Bhás | Níor caitheadh seaicéad tarrthála. |
| **MFV Nausicaa** (MCIB/123) | 07.12.2007 | Árthach Iascaireachta (15-24 méadar) | Fear thar bord | An 18.04.2005, d'fhág an t-árthach iascaireachta, agus seachtar criú ar bord, Cuan na Sceirí chun dul ag iascaireacht soir ó Cheann Chlochair. Nuair a bhí sé in am na heangacha a aisghabháil, bhí duine amháin den chriú, Laitviach, ar iarraidh. Tugadh corp ón bhfarraige an 18.09.2006 agus céannaíodh é ina dhiaidh sin mar an duine den chriú a chuaigh ar iarraidh. | 1 Bhás | Níor caitheadh seaicéad tarrthála. |
| **Taisme i Loch Léinn** (MCIB/138) | 07.12.2007 | Árthaí Caitheamh Aimsire Bád Oscailte | Iompú béal fúithi | An 27.01.2007, bhí triúr i mbun lámhach lachan ar Loch Léinn i mbád oscailte. D'iompaigh an bád béal fúithi. Tháinig beirt slán agus bádh duine amháin. | 1 Bhás | Níor caitheadh seaicéid tarrthála. |

# Sampla de Chás a foilsiodh le linn na Bliana 2007

1u Eanair agus 31u Nollaig 2007

Tá trí cinn de na cúig theagmhas a foilsíodh i gcaitheamh na bliana roghnaithe ag an mBord, lena mbaineann Árthach Caitheamh Aimsire, Árthach Iascaireachta agus Bád Oscailte.

## TUAIRISC AR AN IMSCRÚDÚ AR AN TUBAISTE AR BORD AN LUAIMH "LADY HELEN" AN 21 DEIREADH FÓMHAIR 2005, A BHFUAIR DUINE AMHÁIN BÁS DÁ TORADH – MCIB/119



An 21 Deireadh Fómhair 2005, d'fhág an tUas. John McBride An Bun Beag, Co. Dhún na nGall, leis féin ar bord an luaimh "Lady Helen" le triall ar Thoraigh. Tugadh a chorp ón uisce oíche an 22 Deireadh Fómhair 2005 ó thuaidh ó Inishilly Ledges siar ó dheas ón gCruit, Co. Dhún na nGall.

## TUAIRISC AR AN IMSCRÚDÚ AR DHUL GO TÓINN POILL AN ÁRTHAIGH IASCAIREACHTA ÉIREANNAIGH "RISING SUN" I GCÓNGARACHT NA SAILTÍ, CO. LOCH GARMAN, AN 29 SAMHAIN 2005– MCIB/118



An 29 Samhain 2005, bhí an t-árthach iascaireachta "Rising Sun" agus triúr criú ar bord, ar an domhain amach ó chósta Co. Loch Garman i gcóngaracht na Sailtí nuair a d'iompaigh sí béal fúithi go tobann agus thit go tóin poill ina dhiadh sin. Fuair duine amháin den chriú bás, tháinig duine eile slán agus tá an tríú duine, an scipéir, fós ar iarraidh. Fuair tumadóir áitiúil bás tragóideach an 1 Nollaig 2005 agus é faoin uisce ag cuardach an scipéara a bhí ar iarraidh.

Níl sa tuairisc ach na heachtraí a bhaineann le dul go tóin poill an "Rising Sun". Tá na cúinsí a bhaineann le bás an tumadóra lasmuigh de raon na tuairisce.

## TUAIRISC AR AN IMSCRÚDÚ AR THEAGMHAS LENA MBAINEANN BÁ DUINE AMHÁIN AR LOCH LÉINN AN 27 EANÁIR 2007 – MCIB/138



D'imigh triúr ar bhád i ngar do Bhaile Fhobhair, Co. na hIarmhí, ag tuairim is 15:30 an 27 Eanáir 2007. Agus iad ag filleadh ar an áit as ar imigh siad, tháinig uisce isteach sa bhád agus d'iompaigh sí béal fúithi. Caitheadh an triúr isteach san uisce. Tháinig an triúr slán i dtosach agus bhain siad úsáid as an mbád, a bhí mbéal fúithi, chun tacaíocht a thabhairt dóibh féin. Bhí hipiteirme ag cur isteach ar an triúr acu agus ba mheasa duine amháin, de réir cosúlachta, ná an bheirt eile. Shleamhnaigh sé den bhád gan aon duine á thabhairt faoi deara agus, nuair a fuair an bheirt eile amach go raibh sé ar iarraidh, ní raibh siad in ann teacht air. Chinn an bheirt sin ar shnámh i dtír chun cabhair a lorg. Chuir aonaid de na Gardaí Cósta, de na Gardaí, den Chosaint Shibhialta agus den Bhriogáid Dóiteáin tús le cuardach.

Tháinig baill den Chosaint Shibhialta ar a chorp go luath an maidin dár gcionn, ag tuairim is 2:30. Ní raibh aon duine ar an turas ag caitheamh gaireas snámhachta pearsanta ná seaicéad tarrthála.

# Comparáid de Thaismi/Gortuithe Muiri a Thárla le linn 2002, 2003, 2004, 2005, 2006 & 2007

| Cineál Árthaigh | 2002 | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Longa paisineiri/Báid Phaisinéirí** | | | | | | |
| Róró Idirnáisiúnta | | | | | | 1 Bhás/1 Gortú |
| Intíre | | | | 2 Bhás | | |
| Bád Phaisinéirí | 5 Bhás | | | | | |
| **Fo-Iomlán** | **5 Bhás** | | | **2 Bhás** | | **1 Bhás/1 Gortú** |
| **Lastlonga** | | | | | | |
| Lastlonga Gineralta | | 1 Bhás | | | | 1 Bhás |
| Lastlong Ró-Ró | | 1 Bhás | | | | |
| Tancaeir | | 2Bhás/1 Gortú | | | | |
| Builc Iompróir | | | 1 Gortú | | | |
| Long Choimeádán | | 1 Bhás | | | | |
| Iompróir Carranna | | | | | | |
| Bád Oibre/Tuga/ Píolóta/ Báirse/Trom ardaitheoir | | | | | | |
| **Fo-Iomlán** | | **5 Bhás/1 Gortú** | **1 Gortú** | | | **1 Bhás** |
| **Árthaí Iascaireachta** | | | | | | |
| < 15 mhéadar | | 1 Bhás | 1 Bhás | 3 Bhás | 1 Bhás | 3 Bhás |
| 15-24 méadar | | | 4 Bhás | | 3 Bhás | 9 Bhás |
| > 24 méadar | 1 Bhás | 1 Bhás | 1 Bhás | | 3 Bhás | |
| **Fo-Iomlán** | **1 Bhás** | **2 Bhás** | **6 Bhás** | **3 Bhás** | **7 Bhás** | **12 Bhás** |
| **Árthaí Caitheamh Aimsire** | | | | | | |
| Feithiclí Scairdsciála | | 1 Bhás | 1 Gortú | | 1 Bhás/1 Gortú | 1 Bhás |
| Báid Oscailte/Canú | 1 Bhás | 2 Bhás | 6 Bhás | 1 Bhás | 2 Bhás | 2 Bhás |
| Mótar bháid | 2 Ghortú | 2 Bhás | 2 Bhás | | | 1 Gortú |
| Báid Seoil | | | | 2 Bhás | | |
| Árthaí Ardluais Báid Inséidte Chrua | | 1 Gortú | | | | |
| **Fo-Iomlán** | **1 Bhás/2 Ghortú** | **5 Bhás/1 Gortú** | **8 Bhás/1 Gortú** | **3 Bhás** | **3 Bhás/1 Gortú** | **3 Bhás/1 Gortú** |
| **Líon Iomlán na gTeagmhas** | **8** | **17** | **15** | **11** | **11** | **16** |
| **Líon iomlán na mBásanna** | **7** | **12** | **14** | **8** | **10** | **17** |
| **Líon iomlán na nGortuithe** | **2** | **2** | **2** | **0** | **1** | **2** |
| **Líon Iomlán na nÁrthaí** | **9** | **18** | **17** | **11** | **12** | **20*** |

*Ní chuimsíonn an figiúr seo an eachtra a tharla i mbliana ag Geallta Bád Dhún Laoghaire lenar bhain 115 bád beag lena n-áirítear báidíní agus easnacha.

# Comparád idir Tuarascálacha BITM a Foilsíodh 2002, 2003, 2004, 2005, 2006 & 2007

| Cineál Árthaigh | 2002 | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Longa páisineiri/ Báid Phásinéirí** | | | | | | |
| Ró-Ro Idirnáisiúnta | 1 | 2 | 1 | | | |
| Intíre | | 1 | 1 | | 1 | |
| Bád Phaisinéirí | | 1 | | 1 | | |
| **Fo-Iomlán** | **1** | **4** | **2** | **1** | **1** | |
| **Lastlonga** | | | | | | |
| Lastlonga Ginearálta | | 4 | 3 | 5 | | |
| Lastlong Ró-Ró | | | | | | |
| Tancaeir | | | 3 | | | |
| Builc Iompróir | | 1 | 1 | | | |
| Long Choimeádán | | 2 | 3 | | | |
| Iompróir Carranna | | 1 | 1 | | | |
| Bád Oibre/Tuga/Piolota/Báirse/Trom ardaitheoir | | 4 | 3 | | | |
| **Fo-Iomlán** | | **12** | **14** | **5** | | |
| **Árthaí Iascaireachta** | | | | | | |
| < 15 mhéadar | | 2 | 5 | 3 | 1 | 1 |
| 15-24 méadar | | 3 | 4 | 5 | 1 | 1 |
| > 24 méadar | | 5 | 13 | 2 | | 1 |
| **Fo-Iomlán** | | **10** | **22** | **10** | **2** | **3** |
| **Árthaí Caitheamh Aimsire** | | | | | | |
| Feithiclí Scairdsciála | | | | 2 | | |
| Báid Oscailte/Canúnna | | 1 | 3 | 3 | 3 | 1 |
| Mótar bháid | | 2 | 3 | | 2 | |
| Báid Seoil | | | 2 | 2 | 1 | 1 |
| Árthaí Ardluais/Báid Inséidte Chrua | | | 1 | 3 | | |
| **Fo-Iomlán** | | **3** | **9** | **10** | **6** | **2** |
| **Líon Iomlán na dTuarascálacha a Foilsíodh** | **1** | **24** | **39** | **21** | **9** | **5** |
| **Líon Iomlán na nÁrthaí** | **1** | **29** | **47** | **26** | **9** | **5** |
| **Líon Iomlán na mBásanna** | | **21** | **18** | **19** | **7** | **5** |
| **Líon Iomlán na nGortuithe** | **1** | **5** | **9** | **2** | | |

# Ráitis Airgeadais
## 2007

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Tuairiscithe 1ú Eanair go 31ú Nollaig 2007

# Clár


| | |
|---|---|
| Ráiteas maidir le Freagrachtaí Bhord an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí | 15 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 16 |
| Raiteas ar an gCoras Rialaithe Airgeadais Inmheanaigh | 18 |
| Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta | 19 |
| Cuntas Ioncaim & Caiteachais | 20 |
| Clár Comhardaithe | 21 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 | 22 |

# Ráiteas ar Freagrachtaí an Bhoird

Don bhliain dar chrioch 31u Nollaig 2007

## Freagrachtai an Bhoird

Éilítear ar an mBord le hAlt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000, na cuntais go léir is iomchuí agus is gnách ar an airgid a fuair nó a chaith sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Iompair le toiliú an Aire Airgeadais. Agus na ráitis airgeadais a ullmhú, ní mór don Bhord:

1. Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur chun feidhme go seasta.
2. Breithiúnais agus meastacháin réasúnta agus stuama a dhéanamh.
3. A léiriú nuair a dhéantar caighdeáin chuntasaíochta ábhartha a leanúint, faoi réir ag aon imeachtaí ábhartha a thugtar le fios agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.
4. Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin i gcás nach iomchuí a thoimhdiú go leanfaidh an Bord de bheith i bhfeidhm.

Tá freagracht ar an mBord leabhair chuntais chearta a choimeád, a thugann le fios go réasúnta cruinn staid airgeadais an Bhoird ag aon am, agus a chuireann ar a chumas a chuinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Tá freagracht ar an mBord freisin sócmhainní an Chomhlachais a ráthú, agus céimeanna réasúnta a thógáil chun cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí agus chun iad a aimsiú.

John G. O'Donnell B.L
Cathaoirleach
4 Iúil 2008

Bridie Cullinane
Rúnaí
4 Iúil 2008

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 iniúchta agam faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara.

## Freagrachtaí an Bhoird agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Bord Imscrúdú Taismí Muirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000 agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Bord Imscrúdú Taismí Muirí na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Bhoird.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Bord an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíráiteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

## An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh,

ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Bhoird, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

## Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Bhoird ag 31 Nollaig 2007 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

__________________________________

Gerard Smyth
Le haghaidh agus thar ceann an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
8 Iuil 2008

# Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2007

## Freagracht as an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Thar cheann Bhord an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí glacaim lenár bhfreagracht chun a chinntiú go bhfuil córas rialaithe airgeadais inmheánaigh iomchuí á choimeád agus á chur chun feidhme.

Ní féidir leis an gCóras Inmheánach ach deimhniú réasúnta a sholáthar seachas deimhniú cinnte dearfa go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha coiscthe nó aitheanta in am nó i dtréimhse tráthúil.

## Nósanna Imeachta Rialaithe

Is iad seo a leanas na rialuithe airgeadais a cuireadh chun feidhme le linn na bliana:

- Fuarthas údarú ó bheirt chomhalta den Bhord ar a laghadh do na híocaíochtaí uile (seachas tuarastail foirne*).
- Fuarthas údarú ó chomhalta eile le haghaidh éileamh taistil agus cothaithe agus deimhníodh iad chun go mbeadh an Rúnaí in ann an íocaíocht a dhéanamh.
- Tá cóid iompraíochta gnó curtha i ngníomh do chomhaltaí an Bhoird agus don fhoireann.
- Tugann an Rúnaí comhairle don Bhord ag a chruinnithe maidir le staid airgeadais reatha an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí.

D’aistrigh máthair-rannóg an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí toisc chinneadh Rialtais ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha go dtí an Roinn Iompair le héifeacht ón 1 Eanáir 2006. Iarradh ón Roinn Iompair maolú ó choiste iniúchóireachta a bhunú agus ó fheidhm iniúchóireachta inmheánaigh. Roimhe sin iarradh an maolú ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaím, maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2007, go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

## Sínithe thar ceann an Bhoird

John G O'Donnell B.L
Cathaoirleach
4 Iúil 2008

# Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2007

## 1. Ginearálta

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Chuaigh an Bord i mbun oibre ar 5 Meitheamh 2002. Bunaíodh go foirmiúil é ar 25 Márta 2003. Déanann an Bord imscrúdú neamhspleách ar thaismí muirí in Éirinn agus foilsíonn sé na tuarascálacha a bhaineann leis na himscrúduithe sin.

## 2. Bonn Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na raitis airgeadais seo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm ceadaithe ag an Aire Iompair, le toiliú ón Aire Airgeadais, faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhraithe, ach amháin mar a leagtar amach thíos, de réir cleachtais chuntasaíochta a ghlactar leis go ginearálta. Glactar le Caighdeáin tuairiscithe Airgeadais, molta ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta, mar a thagann siad in éifeacht.

## 3. Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Clúdaíonn na ráitis airgeadais seo an tréimhse 12 mhí go dtí 31 Nollaig 2007.

## 4. Deontais Oireachtais

Is é atá i nDeontais an Oireachtais ná iomlán na bhfáltas airgid don bhliain a tháinig ón Roinn Iompair agus na n-íocaíochtaí a rinne na Rannóga iomchuí i leith fhoireann an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí*.

## 5. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Taispeántar Sócmhainní Seasta ag a gcostas. Soláthraítear dímheas de réir méid chothroim mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Trealamh Oifige | 5 bliana |

## 6. Cuntas Caipitil

Is é atá sa chuntas caipitil ná luach amúchadh an ioncaim a úsáidtear do chúiseanna caipitil.

## 7. Aoisliúntas

Tagann comhaltaí* an Bhoird atá ar iasacht faoi shocruithe pinsin na Rannóige ábhartha.

*Nóta: Bhí beirt chomhalta foirne lánaimseartha ag an BITM, duine amháin ar iasacht ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus duine eile ón Roinn Iompair in 2007.

# Cuntas Ioncaim & Caiteachais 2007

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007

| | Nóta | 2007 € | 2006 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam:** | | | |
| Deontais Oireachtais | | 144,658 | 286,916 |
| Ús ar Thaiscí | | 1,487 | 112 |
| | | 146,145 | 287,028 |
| Aistriú ó/ (go) Cuntas Caipitil | 4 | 870 | (3,200) |
| | | 147,015 | 283,828 |
| **Caiteachas:** | | | |
| Tuarastail Foirne | | 94,658 | 86,916 |
| Taillí Chomhaltaí an Bhoird | | 17,776 | 17,776 |
| Seomraí Cruinnithe ar Cíos | | 110 | - |
| Clódóireacht, Postas agus Páipéarachas | | 9,722 | 32,878 |
| Cothabháil an tSuímh Ghréasáin | | 6,127 | 359 |
| Costais Imscrúdú Timpistí | | 84,553 | 26,240 |
| Taisteal & Cothú – Comhaltaí an Bhoird | | 2,786 | 5,943 |
| Cíos | | - | 12,000 |
| Táillí Dlí & Gairmiúla | | 9,082 | 6,452 |
| Cuntasaíocht | | 5,250 | 12,996 |
| Costais Rúnaíochta | | - | (4,500) |
| Tailli Iniúchóireachta | | 7,000 | 6,240 |
| Taillí Bainc | | 10 | 79 |
| Dímheas | | 754 | 800 |
| Costais Éagsúla | | 275 | 1,637 |
| | | 238,103 | 205,816 |
| (Easnamh)/ Barrachas don Bhliain | | (91,088) | 78,012 |
| Barrachas Carntha 1 Eanáir | | 96,134 | 18,122 |
| Barrachas Carntha 31 Nollaig | | 5,046 | 96,134 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 10.

John G. O'Donnell B.L
Cathaoirleach
4 Iúil 2008

Bridie Cullinane
Rúnaí
4 Iúil 2008

# Clár Comhardaithe 2007

don bhlian dar chrioch 31 Nollaig 2007

| | Nóta | 2007 € | 2006 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 1 | 2,330 | 3,200 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | | 227 | 46 |
| Airgead Tirim sa Bhanc agus ar Láimh | 2 | 39,772 | 150,762 |
| | | 39,999 | 150,808 |
| **Creidiunaithe** - Suimeanna a bhí dlite laistigh de bhliain amháin | | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | 3 | (34,953) | (54,674) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 5,046 | 96,134 |
| **Sócmhainni Iomlána Lúide Fiachas Reatha** | | 7,376 | 99,334 |
| Capiiteal agus Culchisti | | | |
| Cuntas Caipitil | 4 | 2,330 | 3,200 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | 5,046 | 96,134 |
| | | 7,376 | 99,334 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 10.

John G. O'Donnell B.L
Cathaoirleach
4 Iúil 2008

Bridie Cullinane
Rúnaí
4 Iúil 2008

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| **Nóta 1. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe – Trealamh Oifige** | € | € |
| **Costas** | | |
| Iarmhéid Tosaigh 1 Eanáir | 4,000 | - |
| Costais Bhreise | - | 4,000 |
| Diúscairtí | (116) | - |
| Iarmhéid Deiridh 31 Nollaig | 3,884 | 4,000 |
| **Dímheas** | | |
| Iarmhéid Tosaigh 1 Eanáir | 800 | - |
| Diúscairtí | - | - |
| Muirear don Téimhse | 754 | 800 |
| Iarmhéid Deiridh 31 Nollaig | 1,554 | 800 |
| **Glanluachanna Leabhar** | | |
| Ag 31 Nollaig | 2,330 | 3,200 |

**Nóta 2. Airgead Tirim sa Bhanc agus ar Láimh**

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| Cuntas Reatha | 8173 | 40,696 |
| Cuntas Taisce | 31,599 | 110,066 |
| | 39,772 | 150,762 |

**Nóta 3. Creidiúnaithe – Suimeanna a bhí dlite laistigh de Bhliain Amháin**

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| Costais Fhabhraithe | 34,193 | 54,674 |

**Nóta 4. Cuntas Caipitil**

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2007 | | 3,200 |
| Ioncam Leithdháilte chun críocha Caipitil | (116) | - |
| Amúchadh de réir Dímheasa | (754) | - |
| Aistriú go Cuntas Ioncaim & Caiteachais | - | (870) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2007 | - | 2,330 |

**Nóta 5. Taillí Gairmiúla**

Níor íoc an Bord Imscrúdú Taismí Muirí as aon táillí d'Imscrúdaitheoirí Muirí toisc go raibh na himscrúdaitheoirí fostaithe ag Oifig na Suirbhéireachta Muirí an Rannóg Iompair.

### Nóta 6. Fostaithe agus Aoisliúntas

Bhí beirt chomhalta foirne lánaimseartha ag an MCIB i 2007, duine amháin ar iasacht ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus duine eile ón Roinn Iompair. Aisíocadh costais foirne leis na Rannóga ó leithdháileadh deontais an Bhoird.

### Nóta 7. Costais Oibriuchain

Íocann an Bord as a chostais oibriúcháin féin, seachas as na seirbhísí seo a leanas a sholáthraíonn an Roinn Iompair saor in aisce:

• Guthán agus Facs

• Páipéarachas,

• Glanadh,

• Costais oifige eile lena n-áirítear soilsiú agus téamh.

### Nóta 8. Cánachas

De réir Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, níor íocadh aon chánachas nó ní mór cánachas a sholáthar sna ráitis airgeadais.

### Nóta 9. Comhaltaí an Bhoird: Nochtadh Leasa

Ghlac comhaltaí uile an Bhoird le nósanna imeachta de réir ailt 17 agus 18 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000.

### Nóta 10. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomhaigh an Bord na ráitis airgeadais an 4 Iúil 2008.

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Lána Líosáin, Baile Átha Cliath 2. Guthán: 01-6782460. Facs: 01-6783129. www.mcib.ie